maithiúnas na bpeacaí.
Agus táim ag súil le haiséirí na marbh,
agus le beatha an tsaoil atá le teacht. Amen.

Turas na Croise don Charghas i gCill Éinde Gach Domhnach @ 6.00 p.m.

Toradh 50/50 Coiste na Mine 17/03/2024
Buaiteoir don €1,220.00
Seamus Mc Donagh, Cartúr Leathan, Minna
Duais an Dioltóra do €50.00
Julia Mc Donagh, Cartúr Leathan, Na Minna
Coiste €1,220.00
Míle Buíochas as bhur dtacaíocht.

Toradh 50/50 Scoil Cholmcille Ros a 'Mhíl 09/03/2024
Buaiteoir don €3,983
Baba Sonny, Currulka
Duais an Díoltóra : Baba Sonny €50

Toradh 50/50 Scoil Cholmcille Ros a 'Mhíl 16/03/2024
Buaiteoir don €4,154.00
Dara Burke, Baile an tSagairt
Duais an Díoltóra: Texaco, An Spidéal €50.00

Biongo: Beidh Biongo na Cásca againn ar an 24ú Márta in Ionad Pobail Cois Cuain , Ros a'Mhíl

1-3pm ar mhaithe le Feachtas Bailiúcháin Airgid Scoil Cholmcille Ros a'Mhíl .

Beidh Aifreann na Crisma san Ard Eaglais i nGaillimh Deardaoin 28ú Márta

CLÚDAIGH SEACHTAINIÚLA
Tá roinnt boscaí clúdaigh do bhailiúchán na Séipéal 2024 fós san oifig le bailiú.
Buail isteach chuig an oifig mura bhfuil do bhosca do 2024 agat. Tá uimhir nua ag gach teach i mbliana mura bhfuair tú bosca le cúpla bliain anuas, agus tá tú ag
iarraidh tacú leis an séipéal, tá cúpla bosca fágtha againn.
Míle Buíochas as bhur dtacaíocht

Paróiste An Spidéil
Domhnach na Páise
24ú Márta 2024

An Ath. Daniel Gallagher
www.cilleinde.ie

Uaireanta Oifig: Dé Máirt, Déardaoin, Dé hAoine 10.00rn –2.00in
Oifig: 083 8126745

			Aifrinn & Intinní na Seachtaine
		✠	**CILL ÉINDE, AN SPIDÉAL**
Dé Sathairn	23ú	6.00i.n.	Pádraic Ó Cualáin — *Sidheán* Liam Ryan — *An Cnoc, Indreabhán* Micheál Ó Conaill — *Bothúna* Seán Barrett — *Baile an tSagairt*
Dé Domhnaigh	24ú	11:00r.n.	*Missa Pro Populo*
Dé Luain	25ú	10.00r.n.	Micheál & Aine De Bhailís — *Baile an Spidéal* tAth. Pádraig Ó Neachtain — *Cré Dhubh/Cape Town*
Dé Máirt	26ú	10.00r.n.	
Dé Céadaoin	27ú	10.00r.n.	
Déardaoin	28ú	8.00i.n.	***Aifreann Thráthnóna Shéire an Tiarna:***
Dé hAoine	29ú	3.00i.n 6.00i.n.	***Páise*** ***Turas na Croise***
Dé Sathairn	30ú	**9.30i.n.**	
Dé Domhnaigh	31ú	11.00r.n.	***Domhnach Cásca*** Séamus Ó Céidigh , a bhean Bridget & a mhac Micheál — *Bothúna* Áine & Des Ó Máirtín & Helena & Richard Abrahams — *Sidheán/Arizona*
		✠	**CILL TREASA, ROS A' MHÍL**
Dé Sathairn	23ú	7.30i.n.	Aengus Breathnach — *Ros a' Mhíl / Boston*
Dé hAoine	29ú	8.00i.n.	***Turas na Croise***
Dé Sathairn	30ú	**7.00i.n.**	
		✠	**CILL MHUIRE, NA MINNA**
Dé Domhnaigh	24ú	9.30r.n.	Margaret Mary Mc Donagh, Pádraic Willie Mc Donagh — Minna
Dé hAoine	29ú	12.00	***Turas na Croise***
Dé Domhnaigh	31ú	9.30r.n.	***Domhnach Cásca***

Na DeasghnáthaTosaigh

In ainm an Athar agus an Mhic agus an Spioraid Naoimh. **Amen.**

Grásta ár dTiarna Íosa Críost agus grá Dé
agus cumann an Spioraid Naoimh libh go léir.
Agus le do spiorad féin.

Beannú na Pailme

A phobal Dé, táimid tar éis an Carghas a chaitheamh dár n-ullmhú féin le haithrí agus le gníomhartha na carthanachta le haghaidh cheiliúradh rúndiamhair Cháisc ár dTiarna. Tagaimid le chéile inniu chun tús a chur leis an gceiliúradh sin i gcomhaontacht leis an Eaglais go léir. Chuaigh Críost isteach i Iarúsailéim, a chathair féin, chun obair an tslánaithe a thabhairt chun críche lena pháis agus lena aiséirí. Cuimhnímis air sin anois go deabhóideach agus le creideamh slán, ans leanaimis an Tiarna chun go mbeimid páirteach i dtoradh a chroise sa chaoi go mbeimid páirteach freisin sa aiséirí agus sa bheatha.

Guímis:

Beannaigh na craobhacha seo den chrann pailme, a Dhia uilechumhachtaigh shíoraí. Leanaimid Críost Rí go lúcháireach inniu. Go mbainimid an Iarúsailéim shíoraí amach in éineacht leis. Sin é ár nguí chugat trí Íosa Críost do Mhac a mhaireann agus a rialaíonn trí shaol na saol. **Áiméan.**

Sliocht as an Soiscéal Naofa de réir N. Marcas
(11:1-10)

Urnaí

A Dhia uilechumhachtaigh shíoraí, chuir tú Íosa Críost ár slánaitheoir chugainn mar eiseamláir den umhlaíocht don chine daonna. Rinne sé do thoil nuair a ghlac sé nádúr daonna agus nuair a d'fhulaing sé bás na croise. Deonaigh dúinn aithris a dhéanamh ar a mhórfhoighne chun go mb'fhiú sinn bheith páirteach ina aiséirí. Sin é ár nguí chugat trínár dTiarna. **Amen.**

Liotúirge an Bhriathair

An Chéad Léacht

Sliocht as leabhar Ísáia fáidh – 50:4-7

Thug an Tiarna Dia dom teanga an aos léinn. Chun freagra a bheith agam don té atá traochta, dúisíonn sé briathar. Maidin in aghaidh na maidine músclaíonn sé mo chluas, chun go n'éistfidh mé ar nós an aos léinn. An Tiarna Dia, is é a d'oscail mo chluas.

Maidir liom féin, níor chuir mé ina choinne, níor theann mé ar gcúl. Lig mé mo dhroim le lucht a bhuailte, agus mo ghruanna leo siúd a raibh an fhéasóg á stoitheadh acu; níor cheil mé mo ghnúis ar mhasla ná ar sheile. Tá an Tiarna Dia ag teacht i gcabhair orm, is é sin an fáth nach mothaím an masla. Is é sin an fáth ar chruaigh mé m'aghaidh mar an chloch ghlas, bhí a fhios agam nach mbeinn meallta.

Briathar an Tiarna. **Buíochas le Dia.**

Salm le Freagra

Fr: A Dhia liom, a Dhia liom,
cad chuige ar thréig tú mé?

1. Gabhann a bhfeiceann mé ag fonóid fúm:
cuireann siad cár orthu is croitheann a gceann.
'Bhí a mhuinín as an Tiarna aige: saoradh seisean é;
fuasclaíodh seisean é, más air atá a ghreann.' *(Fr)*

2. Tá mórán madraí i mo thimpeall:
tá mé crioslaithe ag paca bithiúnach.
Tollann siad mo lámha is mo chosa:
is féidir liom mo chnámha uile a chomhaireamh.*(Fr)*

3. Roinneann siad mo chuid éadaigh eatarthu
agus caitheann siad crainn ar mo chóta.
Ná bíse i bhfad uaim, a Thiarna.
Is tú mo chúnamh: brostaigh agus cuidigh liom.*(Fr)*

4. Inseoidh mé d'ainm do mo bhráithre,
molfaidh mé thú i lár na comhdhála:
molaigí an Tiarna, sibhse lerb eagal é;
ceiliúraigí é, a shliocht Iácób go léir;
tugaigí urraim dó, a shíol Iosrael go léir. *(Fr)*

An Dara Léacht

Sliocht as litir N. Pól chuig na Filipigh - 2:6-11

Cé go raibh an nádúr diaga ann ó bhun, ní raibh Críost cáiréiseach i dtaobh bheith ar chomhchéim le Dia. Is amhlaidh a d'fhollmhaigh sé é féin ag glacadh chuige nádúr an tseirbhísigh agus ag teacht ar an saol ar nós gach duine eile.

I gcló an duine dó d'ísligh sé é féin trí bheith umhal go bás, fiú go bás na croise.

Sin é an fáth ar ardaigh Dia é os cionn cách agus bhronn air ainm atá os cionn gach ainm, i dtreo nuair a luafaí ainm Íosa go gcromfadh glún gach neach ar neamh agus ar talamh agus faoin talamh,

agus go ndearbhódh gach teanga in ómós do Dhia, gurb é Íosa Críost an Tiarna.

Briathar an Tiarna. **Buíochas le Dia.**

Glóir duit, a Chríost: is tú Briathar Dé!

D'ísligh Críost é féin trí bheith umhal go bás, fiú go bás na croise. Sin é an fáth ar ardaigh Dia é os cionn cách agus bhronn air ainm atá os cionn gach ainm.

Glóir duit, a Chríost: is tú Briathar Dé!

Soiscéal *Marcas – 14:1 – 15:47*

Go raibh an Tiarna libh. **Agus le do spiorad féin.**

Páis ar dTiarna Íosa Críost de réir N. Marcas

Ansin chuir na príomh-shagairt go leor rudaí ina leith. D'fhiafraigh Pióláit de arís, An bhfuil freagra ar bith agat? Breathnaigh an méid cúiseanna atá siad ag tabhairt i do aghaidh. Ach níor thug Íosa freagra ar bith eile, rud a chuir an-iontas ar Phióláit.

Anois, ag an bhféile, bhí sé de nós aige príosúnach a scaoileadh amach dóibh, aon duine a d'iarrfaidís. Anois bhí fear a raibh Barabbas air sa bpríosún in éindigh leis na ceannaircí a raibh marú déanta acu aimsir an éirí amach. Tháinig an slua, mar sin, agus thosaigh siad ag iarradh ar Phióláit an gar a dhéanamh dóibh mar ba nós leis. D'fhreagair sé ansin iad, An bhfuil sibh ag iarradh orm Rí na nGiúdach a scaoileadh amach daoibh? Mar bhí fhios aige go mba le teann éada a thug na príomh-shagairt suas dó é.

Ach shaighead na príomh-shagairt an slua le iallach a chur air Barabbas a scaoileadh amach ina áit. Labhair Pióláit leo arís, Céard atá sibh ag iarradh orm a dhéanamh leis an bhfear a dtugann sibh Rí na nGiúdach air, mar sin? Scread siad ar ais, **Céas é!** D'fhiafraigh Pióláit díobh, Tuige, cén dochar atá déanta aige? Ach scread siad ní ba mhó ná sin arís, **Céas é!** Ó bhí Pióláit ag iarradh an slua a shásamh, scaoil sé amach Barabbas dóibh, mar sin; agus tar éis dó Íosa a sciúrsáil, thug sé suas dóibh é le go gcéasfaí é. Ansin thug na saighdiúirí isteach i gclós an pháláis é, sé sin, ard-chúirt an ghobharnóra; agus ghlaoigh siad ar an gcomplacht ar fad. Agus ghléas siad le clóca corcra é; agus nuair a bhí gad déanta acu as roinnt driseacha, nó go ndearnadar coróin de, chuir siad air í. Agus thosaigh siad ag déanamh cúirtéis leis ag rá, Sé do bheatha, a Rí na nGiúdach!

Bhuail siad ar an gcloigeann é le maide giolcaí, chaith siad smugairlí leis, agus chuaigh siad síos ar a nglúine le h-ómós dó. Tar éis dóibh bheith ag magadh faoi, bhain siad de an clóca corcra agus chuir siad air a chuid éadaigh fhéin. Ansin thug siad amach é le é a chéasadh. Duine a bhí ag dul an bealach, ag teacht isteach tar éis dó bheith amuigh faoin tír, chuir siad faoi ndeara dó a chrois a iompar; Síomón as Ciréine a bhí ann, athair Alastair agus Rúfus. Ansin thug siad Íosa go dtí an áit a dtugtar Galgata air (áit an chloiginn an chiall atá leis). Agus thairg siad fíon dó measctha le miorr; ach níor thóg sé é. Agus chéas siad é, agus roinn siad a chuid éadaigh eatarthu, á gcur ar chrainnte féachaint cén ball a thabharfadh chaon duine leis. Ag an naoi a chlog ar maidin a bhí ann nuair a chéas siad é. 'Rí na nGiúdach' a bhí scríofa faoin gcúis a bhí ina aghaidh. Agus in éineacht leis chéas siad beirt robálaí, duine ar a thaobh deas agus duine ar a thaobh clé. Iad seo a bhí ag dul an bealach, bhí siad ag magadh faoi, iad ag croitheadh a gcloigeann agus ag rá, **Á há! Tusa bhí leis an teampall a leagan agus é a chur suas i dtrí lá, sábháil thú fhéin, agus tar anuas den chrois!**

Ar an gcaoi chéanna bhí na príomh-shagairt, chomh maith leis na scríobhaithe, ag magadh faoi freisin eatarthu fhéin agus ag rá, **Shábháil sé daoine eile; níl sé in ann é fhéin a shábháil. Tagadh an Críost, Rí Israel, anuas den chrois anois, go bhfeicfidh muid agus go gcreidfidh muid.**

Iad seo a bhí céasta in éindigh leis, bhí siad ag baint as freisin. Ar uair an mheán-lae, thit dorchadas ar an talamh uileag nó go raibh sé an trí. Ag a trí a chlog ghlaoigh Íosa amach os ard, 'Eloi, Eloi, lema sabachthani?' a chiallaíonn, 'A Dhia, a Dhia, tuige ar thréig tú mé?' Nuair a chuala cuid dá raibh ina seasamh thart é, dúirt siad, **Éistigí, tá sé ag glaoch ar Elijah.**

Rith duine agus líon sé spúinse le fíon géar, chuir sé ar mhaide é, agus thug sé dó le n-ól é agus é ag rá, Fanaigí go bhfeicfidh muid an dtiocfaidh Elijah le é a thógáil anuas. Ansin lig Íosa scread ard agus tharraing sé a anáil dheireanach.

Agus stróiceadh brat an teampaill ina dhá leith, ó bhun go barr. An taoiseach céad, a bhí ina sheasamh os a chomhair, nuair a chonaic sé an chaoi ar shíothlaigh sé, dúirt sé, Cinnte, ba é an fear seo Mac Dé.

Bhí mná ann freisin, ag breathnú agus iad tamall ón áit. Orthu sin bhí Máire Mhaigdiléana, agus Máire máthair Shéamais Óig agus Jóses, agus Salómé.

Bhídís seo á leanacht agus ag tabhairt riar a cháis dó nuair a bhí sé i nGaililí; agus bhí go leor mná eile a bhí tagtha aníos go Jerusalem in éindigh leis.

Nuair a bhí sé ina thráthnóna, agus ó ba é an lá é le bheith ag réiteach, sin le rá, an lá roimh an tsabóid, chuaigh Seosamh as Arimatéa – duine den chomhairle a raibh meas air agus duine a bhí ag súil go mór é fhéin le ríocht Dé – chuaigh sé go dtí Pióláit gan faitíos ar bith agus d'iarr sé corp Íosa. Bhí iontas ar Phióláit go mbeadh sé básaithe cheana fhéin; chuir sé fios ar an taoiseach céad agus d'fhiafraigh sé de an amhlaidh go raibh Íosa tamall básaithe. Nuair a fuair sé amach ón taoiseach céad go raibh sé básaithe, thug sé cead an corp a thabhairt do Sheosaimh. Ansin cheannaigh Seosamh píosa línéadaigh, thóg sé an corp anuas den chrois, chas sé an línéadach thart timpeall air, agus leag sé i dtuama é a bhí gearrtha amach as an gcarraig. Chonaic Máire Mhaigdiléana agus Máire máthair Jóses an áit a raibh sé curtha.

An Chré

Creidim in aon Dia amháin,
an tAthair uilechumhachtach, a rinne neamh agus talamh, agus an uile ní sofheicthe agus dofheicthe.
Agus in aonTiarna amháin Íosa Críost,
Mac Aonghine Dé,
an té a rugadh ón Athair sula raibh aon saol ann,
Dia ó Dhia, solas ó sholas, Fíor-Dhia ó Fhíor-Dhia;
an té a gineadh agus nach ndearnadh,
agus atá de chomhshubstaint leis an Athair:
is tríd a rinneadh an uile ní.
Ar ár son-na, an cine daonna,
agus ar son ár slánaithe, thuirling sé ó neamh.
Ionchollaíodh le cumhacht an Spioraid Naoimh é
i mbroinn na Maighdine Muire
agus ghlac sé nádúr daonna.
Céasadh ar an gcros é freisin ar ár son faoi Phointias Pióláit;
d'fhulaing sé páis, agus adhlacadh é.
D'aiséirigh an treas lá de réir mar a d'fhógair na Scrioptúir; chuaigh suas ar neamh;
tá ina shuí ar dheis an Athar.
Tiocfaidh sé an athuair faoi ghlóir,
le breithiúnas a thabhairt ar bheo agus ar mhairbh,
agus ní bheidh deireadh lena ríocht.
Creidim sa Spiorad Naomh,
Tiarna agus bronntóir na beatha,
an té a ghluaiseann ón Athair agus ón Mac.
Tugtar dó adhradh agus glóir, mar aon leis an Athair agus leis an Mac: is é a labhair trí na fáithe.
Creidim san aon Eaglais, naofa, chaitliceach, aspalda.
Admhaím an t-aon bhaisteadh amháin chun